



Foirm ESOT1 - Cáin Ioncaim

Tuairisceán Faisnéise maidir le hlontaobhas Ceadaithe Scairúinéireachta d'Fhostaithe

(Mír 3(5) Sceideal 12 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997)

Luaigh é seo a leanas in aon chumarsáid le do thoil: **ESOT**

AN TRÉIMHSE DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020

Ainm na Scéime Ceadaithe:

(arna ceadú faoi Sceideal 12 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997)

Léigh na nótaí ar leathanach 5 le do thoil sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm agus sula síníonn tú an dearbhú.

Le do thoil:

- (a) comhlánaigh an fhoirm faoi mar a iarrtar,
- (b) comhlánaigh an dearbhú ar leathanach 4, agus
- (c) seol an fhoirm chomhlánaithe chuig an Rannán ainmnithe thíos ar **31 Márta 2021 nó roimhe**.

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim,
Rannán na Scéime Scaireanna d'Fhostaithe,
Brainse Chánacha Pearsanta 1,
An Rannán Beartas & Reachtaíocht um Chánacha Pearsanta,
An Foirgneamh Stampála,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2.
D02 HW86

Teileafón: +353-1-6475000

Ba chóir an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar ar leathanach ar leith más rud é nach leor an spás chuige sin faoi cheannteideal ar bith.

Pionóis: Gearrfar pionóis mura soláthraítear an tuairisceán riachtanach nó má dhéantar tuairisceán mícheart a sholáthar.

1. Cistí Iontaobhaithe

(a) Luaigh méid na gcistí a fuair na hlontaobhaithe sa tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2020.

€

(b) Tabhair mionchuntas ar fhoinse na gcistí sin faoi na ceannteidil seo a leanas:

Ranníocaíocht na Cuideachta Iasachtaí Díbhinní Ús ar Thaiscí Eile (Déan cur síos air)

€

€

€

€

€

(c) Luaigh an méid de na cistí sin a úsáideadh chun scaireanna a fháil

€

(d) Deimhnigh conas a úsáideadh iarmhéid na gcistí sin agus an méid a caitheadh chun gach mír chaiteachais a cheannach

Mír Chaiteachais	An méid a caitheadh (€)

2. Scaireanna a Fháil

(a) Tabhair an dáta(i) a bhfuarthas na scaireanna

/ /

(b) Tabhair luach margaidh na scaireanna ag an dáta a bhfuarthas gach scair

€

(c) Tabhair líon na scaireanna a fuarthas ag gach dáta

3. Cuideachtaí Rannpháirteacha

Cuir an fhaisnéis seo a leanas ar fáil maidir le gach **am bainteach** sa Scéim (Nóta 1)

Ainm na Cuideachta atá Rannpháirteach	Uimhir Chánach Chorparáide	Uimhir Chláraithe Fostóra	Líon na bhFostaithe	Líon na dTairbhithe

4. Scaireanna / Urrús arna gcur i nGeall (Nóta 2)

Tabhair líon na scaireanna / na n-urrús a cuireadh i ngeall mar urrús ag gach am bainteach.

Am Bainteach	Líon na Scaireanna / na nUrrús a cuireadh i nGeall

5. Díol Scaireanna / Urrús (Nóta 3)

(a) Tabhair an dáta(i) a díoladh aon scaireanna / urrús

/ /

(b) Tabhair luach margaidh na scaireanna / na n-urrús ar dháta(i) a ndíolta

€

(c) Déan an cháin ghnóthachan caipitiúil a áireamh agus a thabhairt más cuí

6. Aistriú Scaireanna / Urrús nó suimeanna ar bhás Tairbhí

Ainm an Tairbhí nach maireann	Dáta báis	UPSP	Íocaíocht Airgid Thirim nó Aistriú Scaireanna / Urrús	Luach margaidh na Scaireanna / na nUrrús ar dháta an aistrithe €	Méid an airgid thirim a íocadh €	Ainm agus seoladh an fhaighteora

7. Aistriú Scaireanna / Urrús nó suimeanna chuig Tairbhithe eile

Ainm an Tairbhí	UPSP	Dáta aistrithe na Scaireanna / na nUrrús nó Íocaíocht Airgid Thirim	Íocaíocht Airgid Thirim nó Aistriú Scaireanna / Urrús	Luach margaidh na Scaireanna / na nUrrús ar dháta an aistrithe €	Líon na Scaireanna / nUrrús a aistríodh	Méid an airgid thirim a íocadh €

8. Atheagrú / Cónascadh (Nóta 4)

Tabhair an fhaisnéis seo a leanas le do thoil:

(a) Dáta an atheagraithe / chónasctha

/ /

(b) Luach margaidh na scaireanna / na n-urrús díreach roimh an dáta sin

€

(c) Luach margaidh iomlán gach aicme de na hurrúis nua ar an dáta sin

€

(d) Ainm na cuideachta sin a bhfuil na hurrúis nua ina cuid di

(e) An aicme(i) agus líon iomlán na n-urrús nua a fuarthas i gcomhair gach aicme

9. Aistriú Scaireanna chuig Scéim Cheadaithe Pháirtithe i mBrabús

Dáta an Aistrithe	Líon na scaireanna a Aistríodh	Luach Margaidh Iomlán na Scaireanna a Aistríodh €

10. Athruithe a rinneadh ar an scéim

(a) Ar athraíodh an scéim ar bhealach ar bith ó cheadaigh na Coimisinéirí Ioncaim í?

Athraíodh

Níor athraíodh

(Cuir tic sa bhosca cúí)

(b) An amhlaidh nach sásaítear a thuilleadh aon cheann de riachtanais Sceideal 12, Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 ó cheadaigh na Coimisinéirí Ioncaim an scéim?

Is amhlaidh

Ní hamhlaidh

(Cuir tic sa bhosca cúí)

Más rud é gur thug tú freagra dearfach ar cheachtar den dá cheist thuas soláthair na sonraí go léir do na Coimisinéirí Ioncaim (mura bhfuil siad tugtha cheana).

11. Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha sa tuairisceán seo cruinn iomlán.

SÍNIÚ*

Seoladh na Cuideachta

Dáta

Uimhir Theileafóin

*Tuairisceán le déanamh ag lontaobhaí an ESOT.

Nótaí

1. Éilítear ort faoi mhír 3(5), Sceideal 12, Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 an tuairisceán faisnéise seo a chomhlánú.

Faoi mhír 3(1), Sceideal 12, Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim ceadú na scéime a tharraingt siar má theipeann ar na hiontaobhaithe tuairisceán a dhéanamh.

2. Ba chóir faisnéis a sholáthar maidir le gach **am bainteach** dá dtagraítear i mír 11 / 11A, Sceideal 12 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 maidir le **scaireanna / urrúis a cuireadh i ngeall** dá dtagraítear i mír 11(2B) / 11A(5), Sceideal 12, Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.
3. Ní gá cáin ghnóthachan caipitiúil a ríomh i gcásanna a bhfuil feidhm le halt 519(7A), Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 ach ba chóir faisnéis faoi dhíol scaireanna / urrús a sholáthar sna cásanna sin chun críche faisnéise.
4. Ba chóir an fhaisnéis seo a sholáthar i dtaca le gach atheagrú nó laghdú a dhéantar ar scairchaipiteal nó i gcás malartú urrús dá dtagraítear i mír 15, Sceideal 12, Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar www.revenue.ie. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh.